



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.10.2025
COM(2025) 641 final

2025/0323 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh 2007/441/CE lena n-údaráítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha¹ ('an Treoir maidir le CBL'), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 31 Márta 2025, d'iarr an Iodáil go gcuirfí síneadh leis an maolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus ar Airteagal 168 den Treoir maidir le CBL chun leanúint de theorainn 40 % a chur leis an gceart asbhainte CBL ar ionchur i gcás CBL arna mhuirearú ar chaiteachas a bhaineann le mótarfheithiclí bóthair nach chun críoch gnó amháin a úsáidtear iad agus ionas nach gcaithfí le húsáid feithiclí den sórt sin a áirítear i sócmhainní gnólachta duine inchánach chun críoch príobháideach mar sholáthairtí seirbhísí ar chomaoín, i gcás ina mbíonn na feithiclí sin faoi réir na teorann thuasluaite leis an gceart asbhainte. In éineacht leis an iarraidh ar shíneadh, chuir an Iodáil isteach tuarascáil ina raibh athbhreithniú ar an gcéatadán dá bhforáiltear maidir leis an gceart asbhainte a theorannú.

I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litreacha dar dáta an 29 agus an 30 Iúil 2025 maidir leis an iarraidh a rinne an Iodáil. Le litir dar dáta an 31 Iúil 2025, thug an Coimisiún fógra don Iodáil go raibh an fhaisnéis uile aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Foráiltear le hAirteagal 168 den Treoir maidir le CBL go bhfuil duine inchánach i dteideal asbhaint a dhéanamh ar CBL a ghearrtar ar cheannacháin a dhéantar chun críche idirbheart cáinmhuirearaithe. Maidir le CBL ar chaiteachas a bhaineann le réadmhaoín ar cuid de shócmhainní gnó duine inchánach í agus a úsáidtear chun críoch gnó agus neamhghnó araon, foráiltear le hAirteagal 168a(1) den Treoir maidir le CBL nach mbeidh an CBL sin inasbhainte ach amháin i gcomhréir le cion úsáid na maoine chun críocha ghnólacht an duine inchánach. De bhun Airteagal 168a(2) den Treoir maidir le CBL, féadfaidh na Ballstáit an riail sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le caiteachas a bhaineann le hearraí eile ar cuid de na sócmhainní gnó iad, de réir mar a shonraíonn siad. Tá sé de cheanglas in Airteagal 26(1)(a) den Treoir chéanna i ndáil le húsáid earraí ar cuid iad de shócmhainní gnólachta chun críoch príobháideach an duine inchánach nó a fhoirne nó, ar bhonn níos ginearálta, chun críoch eile seachas chun críocha a ghnó, go gcaithfear leis an úsáid sin mar sholáthar seirbhísí ar chomaoín má bhí an CBL ar na hearraí sin in-asbhainte go hiomlán nó go páirteach. Leis an gcóras sin is féidir CBL a asbhaineadh ar dtús a aisghabháil i ndáil leis an úsáid phríobháideach.

I gcás mótarfheithiclí bóthair nach chun críoch gnó amháin a úsáidtear iad, is deacair an córas sin a chur i bhfeidhm, toisc gur deacair an deighilt idir úsáid phríobháideach agus úsáid ghnó a shainaithint. I gcás ina gcoimeádtar taifid, cuireann siad ualach breise ar an ngnólacht agus ar an riarachán araon iad a choinneáil ar bun agus a sheiceáil. Go deimhin, d'fhéadfadh sé go mbeadh díospóidí ann dá bharr a bheadh costasach agus a d'ídeodh an-chuid ama. Sa chleachtas, bíonn sé dodhéanta in amanna a fhíorú cén úsáid iarbhir a bhaintear as feithiclí,

¹ IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

úsáid a mbeadh de thoradh uirthi (go bhféachfaí le) calaois CBL a dhéanamh (trí choinneáil taifead neamh-iontaofa, mar shampla) agus a dtiocfadh mar iarmhairt uirthi laghdú ar an ioncam CBL.

Is cuideachtaí beaga a bhfuil láimhdeachas bliantúil íseal acu agus nach bhfuil ach fíorbheagán fostaithe acu is mó atá san Iodáil (is micrifhiontair iad 94,5 % d'fhiontair na hIodáile) agus is leis na cineálacha fiontar sin formhór na gcarranna cuideachta atá i gcúrsaíocht. Ní fhágann úsáid na gcarranna sin i bhfeidhmiú na gnáthghníomhaíochta gnó nach féidir iad a úsáid chun críoch príobháideach. Sa chás sin, is é sin nuair a úsáidtear na feithiclí sin go pointe áirithe chun críoch príobháideach, íocfar CBL i leith na húsáide príobháidí. Sna himthosca atá ann san Iodáil, mar a bhfuil an chreatlach eacnamaíoch comhdhéanta nach mór ina hiomláine de mhicrifhiontair, bheadh gá le heisíocaíochtaí móra díreireacha, lena n-áirítear eisíocaíochtaí a eascraíonn as an ngá le doiciméadacht mhionsonraithe a choinneáil, chun an t-ualach oibre a bheadh ag baint le measúnú agus fíorú a dhéanamh ar leithdháileadh na húsáide sa réimse príobháideach nó sa réimse gnó a sheasamh.

Ar na cúiseanna sin, údaraíodh don Iodáil maolú ar Airteagal 168 den Treoir maidir le CBL tríd an gceart asbhainte CBL a theorannú go 40 % i leith ceannach mótarfheithiclí bóthair áirithe, lena n-áirítear conarthaí cóimeála agus a leithéidí, monarú, fáil laistigh den Chomhphobal, allmhairiú, fáil ar léas nó ar cíos, modhnú, deisiú nó cothabháil, agus caiteachas ar sholáthairtí nó seirbhísí a sheachadtar nó a thugtar i ndáil le feithiclí agus a n-úsáid, lena n-áirítear bealaí agus breosla, i gcás nach chun críoch gnó amháin a úsáidtear an fheithicil. Ina theannta sin, i dtaca leis na feithiclí atá faoi réir na teorainn 40 % sin, chun cánachas dúbailte a sheachaint, údaraítear don Iodáil gan caitheamh le húsáid feithiclí chun críoch príobháideach a áirítear ar shócmhainní gnólachta duine inchánach mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin i gcomhréir le hAirteagal 26(1), pointe (a), de Threoir 2006/112/CE. Cumhdaítear leis na bearta speisialta gach mótarfheithicil seachas tarracóirí talmhaíochta nó foraoiseachta, a úsáidtear de ghnáth chun daoine nó earraí a iompar de bhóthar agus a bhfuil ollmhais feithicle nach mó ná 3 500 cileagram iontu agus nach bhfuil níos mó ná ocht suíochán iontu sa bhreis ar shuíochán an tiománaí. Níl feidhm ag an teorainn leis an gceart asbhainte maidir le caiteachas a bhaineann le feithiclí a thagann faoi aon cheann de na catagóirí seo a leanas: is cuid de stoc trádála an duine inchánach í an fheithicil i bhfeidhmiú a ghníomhaíochta; úsáidtear an fheithicil mar thacsaí; úsáidtear an fheithicil le haghaidh teagaisc i scoil tiomána; úsáidtear an fheithicil le haghaidh fruiliú nó léasú; úsáideann ionadaithe díolacháin an fheithicil.

Is í an Chomhairle a dheonaigh údarú na mbearta speisialta thuasluaite den chéad uair trí bhíthin Chinneadh 2007/441/CE an 18 Meitheamh 2007², ar údarú é a mhair go dtí an 31 Nollaig 2010. Ina dhiaidh sin, cuireadh síneadh cúig huaire leis na bearta speisialta arna iarraidh sin don Iodáil, mar a leanas: Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2010/748/AE ón gComhairle an 29 Samhain 2010³, cuireadh síneadh leo le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2013; Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/679/AE ón

² 2007/441/CE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 18 Meitheamh 2007 lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a), agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 165, 27.6.2007, lgh. 33-34.

³ 2010/748/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Samhain 2010 lena leasaítear Cinneadh 2007/441/CE lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 318, 4.12.2010, lgh. 45-46.

gComhairle an 15 Samhain 2013⁴, le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2016; Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1982 ón gComhairle an 8 Samhain 2016⁵, le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2019; Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2138 ón gComhairle an 5 Nollaig 2019, le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2022⁶; agus, go deireanach, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2411 ón gComhairle an 6 Nollaig 2022, le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2025⁷.

An iarraidh seo atá déanta anois ag an Iodáil ar shíneadh breise a chur leis na bearta speisialta go dtí an 31 Nollaig 2028, tá sí bunaithe ar na forais chéanna a cuireadh i láthair sna hiarrataí a rinne sí roimhe. Tá tuarascáil ag gabháil leis an iarraidh ina bhfuil athbhreithniú ar an teorannú céatadáin a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an gceart asbhainte, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Chinneadh 2007/441/CE ón gComhairle. Measann an Iodáil go bhfuil feidhm fós ag na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na mbeart speisialta agus go bhfuil an teorainn 40 % leis an gceart asbhainte CBL ar ionchur fós iomchuí agus gur léiriú í ar na dálaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair san Iodáil.

I bhfianaise thionchar dearfach na mbeart speisialta ar an ualach riaracháin atá ar cháiníocóirí agus ar údarais chánach araon, moltar síneadh leis na bearta speisialta atá ann faoi láthair a údarú. Ba cheart an t-údarú a bheith bailí go ceann tréimhse theoranta eile, i.e. go dtí an 31 Nollaig 2028, chun gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanas agus ar éifeachtacht na mbeart speisialta agus ar cé atá nó nach bhfuil an teorainn 40 % ina léiriú ceart fós ar an gcionroinnt fhoriomlán idir úsáid ghnó agus úsáid phríobháideach. Ba cheart tuarascáil a bheith ag gabháil le haon iarraidh ar shíneadh breise ina mbeidh athbhreithniú ar an gcéatadán a chuirtear i bhfeidhm agus ba cheart í a sheoladh chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta 2028.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Deonaíodh maoluithe den chineál céanna, cé gur ag an ráta 50 % a bhí siad, i ndáil leis an gceart asbhainte do Bhallstáit eile (an Eastóin⁸, an Ungáir⁹, an Chróit¹⁰, an Pholainn¹¹, an Laitvia¹² agus an Rómáin¹³).

⁴ 2013/679/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena leasaítear Cinneadh 2007/441/CE lena n-údaítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 316, 27.11.2013, lgh. 37–38.

⁵ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1982 ón gComhairle an 8 Samhain 2016 lena leasaítear Cinneadh 2007/441/CE lena n-údaítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 305, 12.11.2016, lgh. 30–31.

⁶ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2138 ón gComhairle an 5 Nollaig 2019 lena leasaítear Cinneadh 2007/441/CE lena n-údaítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 324, 13.12.2019, lgh. 7–8.

⁷ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2411 ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2007/441/CE lena n-údaítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 317, 9.12.2022, lgh. 120–121.

⁸ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/539 ón gComhairle an 18 Márta 2025 lena n-údaítear an Eastóin beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a) agus ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 2025/539, 21.3.2025.

⁹ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3205 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1493 lena n-údaítear don Ungáir beart speisialta a thabhairt

Sonraítear in Airteagal 176 den Treoir maidir le CBL go gcinneadh an Chomhairle an caiteachas nach bhfuil CBL in-asbhainte ina leith. Go dtí go ndéanfaidh sí sin, is féidir do na Ballstáit eisiaimh a bhí i bhfeidhm faoi dhlíthe náisiúnta an 1 Eanáir 1979 a choinneáil ar bun. Ar an mbonn sin, tá roinnt forálacha ‘neamhghníomhaíochta’ ann lena gcuirtear srian leis an gceart asbhainte CBL i ndáil le mótarfheithiclí bóthair nach chun críoch gnó amháin a úsáidtear iad.

Theip ar thionscnaimh roimhe seo chun rialacha a bhunú maidir leis na catagóirí caiteachais a d’fhéadfadh a bheith faoi réir srian ar an gceart asbhainte¹⁴. Go dtí go ndéanfar na rialacha sin a chomhchuíbhiú ar leibhéal an Aontais, meastar gurb iomchuí bearta speisialta amháin na cinn atá ann faoi láthair.

Dá bhrí sin, tá na bearta speisialta atá beartaithe comhsheasmhach le forálacha na Treorach maidir le CBL.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

I bhfianaise na forála sa Treoir maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

• Comhréireacht

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát arna iarraidh sin dó féin agus níl aon oibleagáid ann.

I bhfianaise raon feidhme teoranta an mhaolaithe, tá na bearta speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. an bailiú cánach a shimpliú agus cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc. Go háirithe, ós rud é go bhféadfadh gnólachtaí gan a ndliteanais

¹⁰ isteach de mhaolú ar phointe (a) d’Airteagal 26(1) agus Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L, 2024/3205, 19.12.2024.

¹¹ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2884 ón gComhairle an 5 Samhain 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994 lena n-údaráítear don Chróit beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar phointe (a) d’Airteagal 26(1) agus Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L, 2024/2884, 13.11.2024.

¹² Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2385 ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/805/AE lena n-údaráítear do Phoblacht na Polainne bearta a thabhairt isteach de mhaolú ar phointe (a) d’Airteagal 26(1) agus ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 315, 7.12.2022, lgh. 87–88.

¹³ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3206 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2429 lena n-údaráítear don Laitvia beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar phointe (a) d’Airteagal 26(1) agus Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L, 2024/3206, 19.12.2024.

¹⁴ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1641 ón gComhairle an 24 Bealtaine 2024 lena n-údaráítear don Rómáin bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a) agus ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L, 2024/1641, 6.6.2024.

COM (2004) 728 final — Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 77/388/CEE d’fhonn oibleagáidí cánach breisluacha a shimpliú (IO C 24, 29.1.2005, lch. 10) a tarraingíodh siar an 21 Bealtaine 2014 (IO C 153, 21.5.2014, lch. 3).

uile a dhearbhu agus i bhfianaise na seiceála troime ar shonraí maidir le míleáiste d'údaráis chánach, shimpleodh an srian 40 % an nós imeachta um bailiú CBL agus chuirfeadh sé cosc ar imghabháil cánach *inter alia* trí choimeád taifead mícheart.

- **An rogha ionstraim**

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim atá beartaithe.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar fhorálacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara. Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Iodáil agus baineann sé go sonrach leis an mBallstát sin amháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Tá sé d'aidhm ag an togra simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta maidir le CBL a bhailiú agus cosc a chur ar imghabháil CBL. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag na bearta speisialta atá beartaithe ar ghnólachtaí agus ar an údarás fioscach araon. Tá na bearta speisialta sainaitheanta ag an Iodáil mar an réiteach is iomchuí agus tá siad inchomparáide le maoluithe eile a deonaíodh do Bhallstáit eile roimhe seo agus atá ann faoi láthair.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh drochthionchar ag an togra ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraítear ó CBL.

5. EILIMINTÍ EILE

Tá teorainn ama leis an togra agus áirítear ann clásal éagtha arna shocrú don 31 Nollaig 2028.

I gcás ina bhféachfadh an Iodáil le síneadh breise a chur leis an mbeart speisialta, ar síneadh é a rachadh thar 2028, ba cheart di iarraidh ar shíneadh a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar aon le tuarascáil ina ndéanfaí athbhreithniú ar chéatadán na teorann tráth nach déanaí ná an 31 Márta 2028.

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh 2007/441/CE lena n-údaráítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha¹, agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 168 de Threoir 2006/112/CE bunaítear ceart an duine inchánach chun cáin bhreisluacha ('CBL') a asbhaint i gcás CBL a mhuirearaítear ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí a fhaigheann siad chun críocha a n-idirbheart cáinmhuirearaithe. Le hAirteagal 26(1), pointe (a), den Treoir sin, maidir le húsáid sócmhainní gnó ag daoine inchánach nó ag a bhfoireann fostaithe chun críoch príobháideach nó, ar shlí níos ginearálta, chun críoch eile seachas chun críocha a ngnó, déileáiltear leis an úsáid sin mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin atá faoi réir CBL dá éis sin.
- (2) Le Cinneadh 2007/441/CE ón gComhairle² údaráítear don Iodáil, go dtí an 31 Nollaig 2025, teorainn 40 % a chur leis an gceart asbhainte CBL i leith ceannach mótarfheithiclí bóthair áirithe, lena n-áirítear conarthaí cóimeála agus a leithéidí, monarú, fáil laistigh den Chomhphobal, allmhairiú, fáil ar léas nó ar cíos, modhnú, deisiú nó cothabháil, agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear bealadh agus breosla, i gcás nach chun críoch gnó amháin a úsáidtear an fheithicil. Feithiclí a bhfuil feidhm ag an teorainn 40 % sin maidir leo, ceanglaítear ar an Iodáil gan caitheamh lena n-úsáid phríobháideach mar sholáthairtí seirbhísí ar chomaoin.
- (3) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 31 Márta 2025, d'iarr an Iodáil údarú chun leanúint de na bearta speisialta a údaráítear le Cinneadh 2007/441/CE ('na bearta speisialta') a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2028.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 6 de Chinneadh (AE) 2007/441/CE, chuir an Iodáil tuarascáil isteach, in éineacht leis an iarraidh, inar áiríodh an t-athbhreithniú ar chéatadán na teorann a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gceart asbhainte CBL dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh sin. I bhfianaise na faisnéise atá ar fáil faoi

¹ IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj>.

² Cinneadh Cur Chun Feidhme 2007/441/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 2007 lena n-údaráítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 165, 27.6.2007, lch. 33, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2007/441/oj>).

láthair, deimhníonn an Iodáil go bhfuil an teorainn 40 % fós inchosanta agus go bhfuil sí fós iomchuí.

- (5) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Iodáil chuig na Ballstáit eile le litreacha dar dáta an 29 agus an 30 Iúil 2025. Le litir dar dáta an 31 Iúil 2025, thug an Coimisiún fógra don Iodáil go raibh an fhaisnéis ar fad aige a bhí riachtanach chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.
- (6) I bhfianaise thionchar dearfach na mbeart speisialta ar an ualach riaracháin a bhíonn ar cháiniocóirí agus ar údarais chánach trí bhailiú CBL a shimpliú agus cosc a chur ar imghabháil cánach trí thaifid mhíchearta a choinneáil, measann an Coimisiún go bhfuil sé iomchuí údarú a thabhairt don Iodáil leanúint de na bearta speisialta a chur i bhfeidhm.
- (7) Is iomchuí teorainn ama a chur le síneadh na mbeart speisialta ionas go mbeifear in ann meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht agus ar a mhéid is iomchuí céatadán na teorann a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gceart asbhainte CBL. Ba cheart dá bhrí sin a údarú don Iodáil leanúint de chur i bhfeidhm na mbeart speisialta go dtí an 31 Nollaig 2028.
- (8) Tá na bearta speisialta comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú, is iad sin an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú agus cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc, ós rud é go bhfuil sé teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de. Ina theannta sin, ní chruthaítear leis na bearta speisialta an riosca go n-aistreofaí calaois chuig earnálacha eile nó chuig Ballstáit eile.
- (9) I gcás ina measann an Iodáil gur gá síneadh a chur leis na bearta speisialta tar éis 2028, ba cheart di tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil athbhreithniú ar an gcéatadán a chuirtear i bhfeidhm, mar aon leis an iarraidh ar shíneadh, faoin 31 Márta 2028.
- (10) Ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag cur i bhfeidhm na mbeart speisialta tar éis an 31 Nollaig 2025 ar mhéid foriomlán ioncam cánach a bhailíonn an Iodáil ag céim an tomhaltais deiridh agus ní dhéanfaidh sé dochar d'acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2007/441/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2007/441/CE mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

‘Airteagal 6

Déanfar aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an údarú dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2028. Beidh tuarascáil ag gabháil leis an iarraidh sin, lena n-áireofar athbhreithniú ar an teorannú céatadán a chuirtear i bhfeidhm ar an gceart CBL a asbhaint ar bhonn an Chinnidh seo.’

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

‘Airteagal 7

Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 31 Nollaig 2028.’

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*